**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000027/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Anne Sander** (PPE), **Sylvie Guillaume** (S&D), **Sylvie Brunet** (Renew), **Karolin Braunsberger-Reinhold** (PPE), **Marc Tarabella** (S&D), **Dragoş Pîslaru** (Renew), **Pascal Arimont** (PPE), **Lucia Ďuriš Nicholsonová** (Renew), **Hannes Heide** (S&D), **Geoffroy Didier** (PPE), **Michal Šimečka** (Renew), **Franc Bogovič** (PPE), **Nathalie Colin-Oesterlé** (PPE), **Clara Aguilera** (S&D), **René Repasi** (S&D), **Esther de Lange** (PPE), **Cyrus Engerer** (S&D), **Lena Düpont** (PPE), **Atidzhe Alieva-Veli** (Renew), **Christine Schneider** (PPE), **Liudas Mažylis** (PPE), **Arnaud Danjean** (PPE), **Olivier Chastel** (Renew), **Helmut Geuking** (PPE), **Laurence Farreng** (Renew), **Marie-Pierre Vedrenne** (Renew), **Anna Júlia Donáth** (Renew), **Agnès Evren** (PPE), **Christian Doleschal** (PPE), **Brice Hortefeux** (PPE), **François-Xavier Bellamy** (PPE), **Jeroen Lenaers** (PPE), **Günther Sidl** (S&D), **Pascal Durand** (Renew), **Valérie Hayer** (Renew), **Iskra Mihaylova** (Renew), **Ilana Cicurel** (Renew), **Nora Mebarek** (S&D), **Eric Andrieu** (S&D)

Ábhar: Tionscnamh Eorpach chun rannpháirtíocht na saoránach a chur chun cinn agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do shaorálaithe

Le Treoir 2003/88/CE maidir le gnéithe áirithe d’eagrú ama oibre, leagtar síos rialacha íosta maidir le sábháilteacht agus sláinte oibrithe, go háirithe maidir leis an líon uasta uaireanta oibre a cheadaítear agus maidir leis na híostréimhsí scíthe atá le comhlíonadh.

Eagraíonn go leor tíortha Eorpacha a slándáil shibhialta ar mhodh déach, le comhraiceoirí dóiteáin gairmiúla agus deonacha araon. Is ionann an méid sin agus thart ar 3.5 milliún duine ar leibhéal an Aontais agus tá siad bunaithe ar rannpháirtíocht na saoránach.

Le rialú Matzak an 21 Feabhra 2018, dar le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) is ionann, sa sampla reatha, comhraiceoir dóiteáin deonach Beilgeach agus gnáthoibrí. I bhfianaise na n-oibleagáidí a cruthaíodh le Treoir 2003/88/CE maidir le huaslíon uaireanta oibre sainordaitheacha agus íostréimhsí scíthe, dá dtiocfadh an rialú sin chun bheith ina fhasach agus dá mba ghá an treoir a chur i bhfeidhm maidir le gach saoránach atá ag gabháil go deonach do shocruithe slándála sibhialta, is léir go mbeadh sé dodhéanta an rannpháirtíocht dheonach sin a chomhcheangal le gnáthghníomhaíocht ghairmiúil. Ós rud é go bhfuil beagnach 7 as gach deichniúr comhraiceoirí dóiteáin deonacha i bpost eile sa bhreis ar a rannpháirtíocht, d’fhágfadh sé sin go ndúnfaí seirbhísí garchabhrach go nithiúil in go leor tíortha.

Cruthaíonn an rialú sin éiginnteacht dhlíthiúil agus caitheann sé amhras ar sheirbhís atá fíor-riachtanach do na milliúin saoránach Eorpach. Baineann sé an bonn freisin ó shlándáil na mBallstát agus ó neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa tráth a bhfuil gá leo níos mó ná riamh. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach rannpháirtíocht shibhialta agus dheonach a spreagadh. Téann sé chun tairbhe dóibh siúd atá tiomanta dóibh féin, agus don tsochaí ina hiomláine, go háirithe trína nasc sóisialta agus i bhfianaise an athraithe aeráide atá romhainn. Saibhrítear ár sochaithe leis na gealltanais dheonacha sin lena gcruthaítear líontán sábhála tosaigh dlúthpháirtíochta agus slándála poiblí.

Sna conclúidí ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 maidir le hobair um chosaint shibhialta i bhfianaise an athraithe aeráide, d’iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chur chun cinn i gcosc an athraithe aeráide agus i bhfreagairt oibríochtúil ar an athrú aeráide. Chuige sin, tathantaíonn siad ar an gCoimisiún tacú le rannchuidiú na saoránach lena sábháilteacht agus lena n-athléimneacht féin agus tionscnaimh freagartha saorálaithe-bhunaithe a chur chun cinn.

1. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún an gealltanas deonach sin a chosaint agus a chur chun cinn san Eoraip gan amhras a tharraingt ar Threoir 2003/88/CE, áfach?

2. An bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún tionscnamh Eorpach a mholadh maidir le rannpháirtíocht na saoránach?

Curtha síos: 28.6.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 29.9.2022